

Aonad 4 – Árachas | Nótaí H1

Eochairfhocal: **Árachas:** cosaint ar chaillteanas a d'fhéadfadh tarlú.

Eochairfhocal: **Achtúire:** duine a ríomhann an costas a bheidh le híoc agat ar árachas. (Préimh)

Conas Árachas a Fháil

1. Déan *teagmháil* leis an gcuideachta árachais. Is minic a dhéanann daoine teagmháil le bróicéir árachais le comhairle a fháil maidir leis an árachas is fearr. Tá siad neamhspleách ar chuideachtaí árachais.
2. Lión isteach *foirm thogra*. Is foirm iarratais árachais í seo agus ba cheart í a líonadh isteach le meon lánmhaith. Cuimsíonn sé gach faisnéis ábhartha faoin bpáirtí atá faoi árachas.
3. Eisítear *nóta cumhdaigh* má ghlacann an dá thaobh leis an árachas.
4. Dréachtaítear *polasaí* ansin - is doiciméad dlíthiúil tábhachtach é seo ina sonraítear an clúdach árachais.

Conas Éileamh a Dhéanamh

Má tharlaíonn rud éigin, is féidir leat *foirm éilimh* a líonadh isteach le cur síos ar an méid a tharla.

1. Déanfaidh *measúnóir* cinneadh maidir leis an méid airgid atá dlite duit mar chúiteamh. (Déanann siad an cás a mheas.)
2. B'fhéidir go mbeadh ar an bpáirtí faoi árachas *barrachas polasaí* a íoc - seo suim airgid a comhaontaíodh roimhe seo. Is cuid dá n-éileamh iad. Is minic a thugtar 'foráil bharrachais' air seo.

Prionsabail an Árachais

1. **Meon Lánmhaith** - agus árachas á fháil agat, caithfear na sonraí ábhartha go léir a thabhairt don chuideachta árachais agus is gá do na sonraí a bheith cruinn.
2. **Leas Inárachais** - caithfidh an duine atá ag fáil an árachais leas a bhaint as an earra atá faoi árachas, agus caithfidh an duine a bheith thíos leis má chailltear an t-earra i.e. ní féidir leat árachas a chur ar charr do chomharsan ach is féidir leat árachas a chur ar do charr féin.
3. **Seachaíocht** - Nuair a íocann comhlacht árachais cúiteamh ar rud éigin, aistrítear ceart úinéireachta an ruda sin go dtí an comhlacht árachais.
Ranníocaíocht - má tá árachas agat ar rud le dhá chomhlacht árachais, déanfaidh an dá chomhlacht cuid den chúiteamh a íoc i.e. ní féidir leat cúiteamh a fháil faoi dhó.
4. **Slánaíocht** - ní féidir leat brabús a dhéanamh ón gcuideachta árachais, m.sh. má cheannaíonn tú carr ar €20,000 agus bíonn timpiste agat bliain ina dhiaidh sin, gheobhaidh tú cúiteamh ar luach an chairr ag am na timpiste, seachas ar luach an chairr nuair a cheannaigh tú é.

Clásal Caillroinnte

- Clásal Caillroinnte: má tá earra faoi thearc-árachas agus fulaingítear páirtchailteanas, ní fhaigheann an duine a fuair an t-árachas ach cuid den chúiteamh.
- Foirmle:

Clásal Caillroinnte = Luach Faoi Árachas x Caillteanas

Luach Iarbhír an Earra

Cineálacha Árachais

- **Árachas Foirgnimh agus Inneachair** - cosnaíonn sé i gcoinne tine, buirgléireachta srl. Is féidir le teaghlaigh agus le gnólachtaí é seo a fháil.

- **Árachas Gluaisteáin** - tá árachas tríú páirtí éigeantach de réir dlí. Teastaíonn árachas gluaisteáin ó theaghlaigh agus ó ghnólachtaí a bhfuil feithiclí acu. 3 chineál - Tríú páirtí, lánchuimsitheach, tríú páirtí dóiteáin agus gadaíochta
- **Árachas Sláinte**
- **ÁSPC** - (éigeantach de réir dlí.) Caithfidh gach fostaí é seo a íoc. Íocann gnólachtaí é seo chomh maith (ÁSPC Fostóirí) Úsáideann an rialtas é chun sochair a bhaineann le leas sóisialta agus máithreachas a íoc.
- **Dliteanas i Leith Táirgí**- árachas gnólachta a úsáidtear chun cúiteamh a thabhairt do dhaoine a ghortaítear ó úsáid táirge an chomhlachta.
- **Dliteanas Poiblí** - árachas gnólachta a úsáidtear chun baill den phobal a chúiteamh mar gheall ar thimpistí a tharlaíonn ar mhaoin an chomhlachta.
- **Árachas Dliteanas Fostóra** - árachas gnólachta a úsáidtear chun oibrithe a chúiteamh as timpistí ag an obair.
- **Ráthaíocht Dílseachta** - árachas gnólachta a úsáidtear chun árachas a chur ar chaillteanas ó ghadaíocht fostaithe.
- **Earraí Faoi Bhealach** - árachas gnólachta a úsáidtear chun caillteanais a chlúdach a bhaineann le hearraí atá faoi bhealach.

Cosúlachtaí agus Difríochtaí idir Árachas Teaghlaigh agus Árachas Gnó

Cosúlachtaí	Difríochtaí
Teastaíonn ón dá dhream na praghsanna is fearr a fháil.	Íocann gnólachtaí préimheanna níos airde.
Bíonn ÁSPC le híoc ag an dá dhream. (De réir an dlí)	Tá níos mó rioscaí ag gnólachtaí.
Íoslaghdaíonn an dá dhream rioscaí (aláraim, córais slándála srl.)	Is gá do ghnólachtaí ÁSPC a bhaint ó phá na bhfostaithe.

Caithfidh an dá dhream foirmeacha a líonadh amach.	
--	--

Conas Riosca a Bhainistiú

1. Aithin na rioscaí
2. Laghdaigh an riosca a oiread agus is féidir - faigh aláraim mar shampla.
3. Faigh árachas i gcoinne an riosca.

Conas Préimheanna a Laghdú

- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta
- Aláraim bhuirgléireachta
- Ábhair a úsáid atá dódhíonach (dódhíonach – ábhar nach dtéann trí thine)
- Coinnigh bealaí éalaithe dóiteáin glan agus bíodh plean aslonnaithe agat.
- Ceamaraí slándála